FAOI CHAIBIDIL

Foilseofar an forlíonadh ealaíon seo ar nuachtáin Ghrúpa Meán Bhéal Feirste, Andersonstown News, North Belfast News agus South Belfast News, chomh maith le www.nuacht.com

LOTTERY FUNDED

Forlíonadh ealaíon in eagar ag Ciarán Ó Pronntaigh

Úrscéal na dTrioblóidí

Anton Mac Cába

Is iarracht ar rud fiúntach a dhéanamh é an t-úrscéal seo ó scríbhneoir Chonamara, Colm Ó Ceallaigh.

Insíonn sé cuid de scéal na dTrioblóidí, ó thaobh daoine a ghlac mionpháirt iontu. Tá cuid de bunaithe rud beag ar scéal Thriúr Charraig Iolra.

Tuigeann an t-úrscéalaí nach ndeachaigh pobal as a mheabhair. Tharla an míréasún, cinnte, mar gurb é an saol, ní an pobal, a bhí míréasúnta.

Níl laochra móra ná bithiúnaigh san úrscéal, ach gnáthdhaoine.

Tá cúpla eachtra den scoth ann. Déantar cur síos maith ar an chiapadh ó Arm na Breataine a fhulaingíonn an feirmeoir Míchéal atá díreach cois teorann, ar an taobh ó dheas.

Maraíonn saighdiúirí beithíoch, agus scriosann idir pháirc agus sconsa. Diúltaítear cead aige dul chuig an cúpla páirc atá aige lámh lena chuid talún féin ar thaobh an Tuaiscirt.

Caithfidh sé aistear fada a chur air féin trí sheicphointe buan. Is minic a thugtar drochíde ansin dó. B'shin taithí cuid mhór den phobal cois teorann.

Léiríonn an Ceallach nach ó Thuaidh amháin a tharla drochiompar na bhfórsaí slándála.

Ar leathanach 140 cuirtear síos ar mhodhanna cuardaigh na nGardaí. Tá Hiúdaí agus Conall ar a mbealach i veain ó Thír Chónaill go Gaillimh nuair a stoptar iad:

Bheadh scrúdú réasúnach, ach ba mheasa an ceann seo ná moncaí ag piocadh sneá as cloigeann a chinn óig. Caitheadh amach a raibh inti – sea, ar thaobh an bhóthair, ba chuma fliuch nó tirim an áit – agus iompaíodh amach pócaí bristí is seaicéid. Maidir le léinteacha, theastaigh iad a níocháin arís. Siúladh ar aon ní a tháinig sa mbealach.

Tá stíl mhaith próis ag an údar, má bhíonn sé ró-fhoclach ó am go chéile. Bhí beocht iontach in abairtí, mar shampla an dóigh gur tugadh 'maide ailse' ar thoitín.

Tarlaíonn na heachtraí seo sna 80dí agus Maggie Thatcher i réim. Is deas mar a chuireann an Ceallach síos ar mhionsonraithe saoil na mblianta sin.

Ní thuigfeadh daoine nach raibh thart chomh coitianta agus a bhí seicphointí ar dhá thaobh na teorann. Nó chomh coitianta agus a bhí sé daoine bheith ag síobshiúl.

Nó ní thuigfeadh go mbíodh daoine ag caitheamh sna tithe tábhairne.

Mar iarracht, ní éiríonn leis an úrscéal, áfach. Don 172 leathanach tá an iomarca carachtar, an iomarca eachtraí, agus an iomarca áiteanna. Fágann sin gan forbairt cheart ar charachtair.

Leis, in úrscéal réalaíoch, caithfidh craiceann na fírinne bheith ar an scéal.

Tá an tIRA ag tabhairt lón cogaidh isteach ó Mheiriceá. Téann Hiúdaí suas chuig Conall i dteach tábhairne, go n-insíonn an plean dó le cuidiú a fháil uaidh.

Níl mé ag rá nach ndearnadh a leithéid de ghníomh amaideach riamh. Dá mba sin 'slándáil' an IRA, ní bheadh gá le brathadóirí.

Ar an taobh eile, aithnítear cleasanna an spiaire Bhriotanaigh 'Ned' i Meiriceá. Cuirtear thall go hÉirinn é - níos do-chreidte go fóill, go Béal Feirste.

Tá seirbhísí rúnda na Breataine i bhfad ón uilechumhacht a bhronnann Poblachtaigh orthu in amanna. Níl siad chomh hamaideach sin.

Mura bhfuil seo ar úrscéalta móra na dTrioblóidí, ba cheart don duine a bheadh ag iarraidh úrscéal ar na Trioblóidí a scríobh seo a léamh. D'fhoghlaimeodh sé neart.

Carraig an Bháis
le Colm Ó Ceallaigh,
Coiscéim.
€9.50 (ní luaitear praghas Sasanach).

An bhfuil tú ag scríobh?

Má tá gearrscéalta nó dánta ina luí sa deannach faoin leaba agat, is é seo an t-am cuí lena dtarraingt amach.

Leanfaidh Grúpa Meáin Bhéal Feirste leis ag foilsiú scríbhneoireacht nuachumtha ar bhonn rialta agus tá an t-eagarthóir ealaíon ag fanacht le d'iarracht.

Ní hamháin go mbeidh do shaothar le feiceáil i nuachtán a léitear go leitheadach, ach íocfar táille chuí as na hiarrachtaí a chuirfear i gcló.

Cheana féin seoladh an dara himleabhar den scríbhneoireacht nua a foilsíodh ar *Lá Nua*. Chomh maith leis sin beidh sé feiceáil ar an suíomh, www.nuacht.com.

Is féidir iarrachtaí a sheoladh ar ríomhphost chuig: leabhar@nuacht.com nó tríd an phost go dtí:

Scríbhneoireacht Nua
Faoi Caibidil
2 Cnoc Bhaile Haine,
Béal Feirste,
BT17 OLT

Masal Bugduv agus scéalta eile

Cé a shamhlófadh go dtiocfadh le Pádraic Ó Conaire bob a bhualadh ar phreas na Breataine ón taobh eile den uaigh?

Bhuel, ní hé féin, ar ndóigh, a bhí i gceist ach rud a scríobh sé blianta fada ó shin.

Ar chúis éigin shíl duine éigin go mbeadh sé cineál greannmhar ligean air gurb ann don pheileadóir Masal Bugduv agus chuir sé nó sí é chun cinn mar pheileadóir óg den chéad scoth ón Mholdóiv.

Agus shleamhnaigh ainm an neamhdhuine seo isteach ar liosta na gcaoga peileadóir is fearr a d'fhoilsigh *Times* Londan.

Mar chuid den bhréagscéal rinneadh iontráil speisialta in *Wikipedia*, rud atá riachtanach na laethanta seo, le cuma na fírinne a chur ar rudaí.

Bhí tuairisc ann, fiú amháin go raibh sé réidh le síniú do Arsenal agus clubanna móra eile. Agus, de réir cosúlachtaí, luaigh an t-údar bréige nuachtán Moldóvach chomh maith, nuachtán darb ainm *Mo Thon* (geddit?).

Ba le náire a bhí ar *The Times* agus áisíneachtaí eile an scéal a tharraing siar.

Scéal le Pádraic Ó Conaire is ea 'M'asal Beag Dubh' faoi fhear siúil atá ag iarraidh an t-ainmhí gan mhaith a dhíol ar an phraghas is airde is féidir leis a fháil.

Meafar, b'fhéidir, den fhás rábach a tháinig ar phraghas peileadóirí nuair a iarrann clubanna iad a fháil don chlub s'acu féin.

Sa scéal meallann an díoltóir scaifte thart air agus é ag tabhairt moltaí dá asal, an dóigh, dar leis, ar tairgeadh méid mór airgid dó ach nach raibh sé in inmhe an t-asal a fhágáil ag duine eile.

Ó Conaire féin an tráchtaire sa scéal seo agus pléitear luach agus praghas ar dhóigh a bhain leis an am.

Ach cén difear atá idir díol an asail agus an dóigh a ndíoltar imreoirí sacair na laethanta seo?

"Ní raibh asal ann ariamh, ó tháinig an chéad asal go hÉirinn, a bhí chomh scafánta leis, chomh ciallmhar leis, chomh fadbhreathnaitheach leis . . ."

Macalla den fhabhalscéal 'Éadaí Nua an Impire' atá ann, ar bhealach, nó ní leasc leis an fhear siúil ionsaí a dhéanamh ar an duine a rinne gáire lena mholadh.

Meafar eile, ar bhealach, ar an dóigh a bhfuil ba beannaithe sa tsochaí seo nach féidir a ionsaí, fiú más léir don dall go bhfuil rudaí imithe as smacht.

Bhí saol bocht ag Ó Conaire féin agus ní raibh aige ag an deireadh ach 'úll, píopa, agus unsa tobac'.

Fear é a chreid sa scríbhneoireacht agus fear é a leag amach an bealach do scríbhneoirí proifisiúnta lánaimseartha.

Cé nár éirigh go rómhaith leis a bheatha a thabhairt i dtír lena ghairm threabh sé a iomaire féin.

D'fhás sé aníos i dtimpeallacht a raibh an lámh in uachtar ag an ól agus bhí an cathú sin le sonrú ní hamháin ina shaol ach i gcuid dá chuid scéalta chomh maith.

Ní raibh sé riamh ag teacht leis an fhís a bhí á cur chun cinn ag an am, Éire Ghaelach Chaitliceach.

Ba leis an Chonradh i Londain a thosaigh sé a scríobh ach tá tuairiscí ann nach raibh sé i gcónaí ar na hóí leo.

Deirtear go ndearnadh cinsireacht ar dheireadh an scéil a bhí aige faoi bhean shingil a bhí ag dúil le duine clainne.

Thréig sé a bhean féin go luath agus a gceathrar páistí, duine acu a fuair bás níos faide anonn mar gheall ar ghalar a bhain leis an bhochtaineacht.

Agus bhí réalachas na díomá mar a bheadh snaidhm ann trí chuid mhaith dá scéalta. Bhí ardmheas ag Mac Grianna air mar scríbhneoir agus dúirt gurbh é b'fhearr sa nualitríocht.

Chreid Ó Conaire go dtiocfadh leis an litríocht Ghaeilge an saol mar atá a chur in iúl agus go raibh friotal ann a d'fhreagródh don lá inniu.

Is cinnte gur léirigh a asal beag dubh go bhfuil an ceart aige faoi sin go fóill.

* * *

Beidh oíche spéisiúil ar siúl sa Chultúrlann oíche Mháirt, 3 Feabhra, nuair a thabharfaidh Nuala Reilly léamh óna cnuasach filíochta, *Magus Ballyrath*.

Is leabhar iontach pearsanta é seo a bhfuil tagairtí déanta don bhéaloideas agus do mhiotais na hÉireann.

Tosóidh an imeacht ar 7.00 san oíche.

Ciarán Ó Pronntaigh